Department of Education
www.education-ni.gov.uk

**TransformED NI:**
Transforming Teaching and Learning



# Fís agus Straitéis a Leagan Síos:

## *Ní rachaimid i bhfad gan ceann scríbe gan léarscáil*

InnerDrive

# FÍS AGUS STRAITÉIS A LEAGAN SÍOS: NÍ RACHAIMID I BHFAD GAN CEANN SCRÍBE GAN ÉARSCÁIL



*Le InnerDrive*

## CAD IS FÍS ANN?

Is ionann fís agus radharc soiléir áititheach ar an todhchaí ba mhaith leat a chruthú. Ní mana leamh ná mian dhoiléir atá ann ach réalta eolais a thugann brí don obair agus a fhreagraíonn na ceisteanna: ***Cá bhfuilimid ag dul agus cad chuige ar tábhachtach é?*** Sna scoileanna, is mó an fhís ná miseanráiteas ar shuíomh gréasáin. Is tuiscint chomónta í ar cad atá i gceist leis an oideachas iontach agus cad chuige ar tábhachtach sin do gach dalta.

## TÁBHACHT NA FÍSE

**Tugann an fhís treoir, cuspóir agus fuinneamh**, cuidíonn le daoine níos mó ná gnáthimeachtaí an lae a fheiceáil agus a n-iarrachtaí a cheangal le rud níos mó. Léiríonn an taighde i gcás ceannairí a chuireann friotal ar fhís shoiléir go gcothaíonn siad spreagadh, ailíniú agus athléimneacht níos mó ina gcuid foirne.
(Kouzes & Posner, 2017).



© InnerDrive Ltd.

San oideachas, bíonn tábhacht faoi leith leis an fhís. Múnlaíonn sí cultúr na scoile, gríosaíonn an cumasú agus cuidíonn leis an fhoireann agus le daltaí araon an t-athrú a láimhseáil le muinín agus le soiléire. Mar a léirigh Leithwood et al. (2006), bíonn an fhís á húsáid i gcónaí ag ceannairí maithe scoile mar threoir don chinnteoireacht agus leis an ghealltanas comhoibritheach a thógáil.

Áit nach léir an fhís, nó a bhfuil sí curtha i bhfeidhm nó dícheangailte, ní spreagann sí aon duine ná ní thugann aon treoir. Dar leis an fhoireann nach bhfuil treoir ar bith ann, níl siad cinnte faoin chuspóir nó bíonn siad amhrasach faoin athrú. Mar a léirigh Collins et al. (2014), is iomaí scoil a bhfuil ráiteas físe acu, ach is beag acu a neadaíonn iad dáiríre sa chleachtas laethúil.

Bíonn de thoradh air sin go mbíonn iarrachtaí briste ann agus comhéifeachtacht íseal. Ní oibríonn an fhís ach amháin nuair **is cuid den saol é seachas ina phóstaer amháin**, agus mar sin is iad an comhchruthú, an chumarsáid agus an síorfheidhmiú leanúnach na rudaí is tábhachtaí.

## CONAS FÍS LÁIDIR A CHEAPADH

- **Luachanna mar thús:** Cad é a gcreideann tú ann? Cad é is tábhachtaí?
- **Bíodh sí sainiúil soiléir:** Tarraing pictiúr a thig le daoine a fheiceáil agus a mhothú.
- **Cruthaigh i gcomhar í:** Bíodh daoine eile rannpháirteach san fhís a chruthú, le gur leo féin í.
- **Déan cumarsáid mhinic fúithi:** Imíonn an fhís mura bhfógraítear í. Déan í a leabú i gcruinnithe, i gcinnteoireacht agus sa teanga laethúil.

## CAD IS FÍS ANN?

**Is í an straitéis an léarscáil a thiontaíonn an fhís ina gníomh.** Is í an tacar roghanna agus tosaíochtaí í a shocraíonn cén dóigh a mbogfaidh tú ón



© InnerDrive Ltd.

áit a bhfuil tú chuig an áit is ceann scríbe. I scoileanna, cuidíonn an straitéis le ceannairí tús áite a thabhairt do thionscnaimh, an t-athrú a bhainistiú agus a chinntiú go mbeidh iarrachtaí feabhsúcháin idir bhríomhar, chomhtháite agus inbhuanaithe.

Mar is dóigh le Fullan (2014), nasc í an straitéis éifeachtach scoile idir gníomhaíochtaí ceannais agus cleachtas an tseomra ranga, a chinntíonn go mbeidh iarrachtaí feabhsúcháin idir dhea-phleanáilte agus churtha i bhfeidhm go maith. Murach an nasc seo, tig le pleananna a bhfuil an dea-rún acu éirí dícheangailte ó réaltachtaí an teagaisc agus na foghlama. Ní mór go mbeidh an straitéis lán dóchais agus gnímh, a chuideoidh le scoileanna bheith dírithe ar na nithe is tábhachtaí: torthaí a fheabhsú do na mic léinn.

Tá níos mó ná spriocanna i gceist le straitéis (Robinson, 2011), ós rud é go Gcuireann sí fócas ar fáil, is cosaint í in aghaidh an tseachráin agus na maidí a bheith le sruth, cuidíonn sí le leithdháileadh acmhainní agus éascaíonn tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tá nasc idir soiléire straitéiseach agus an fheidhmíocht níos airde go háirithe nuair a bhíonn ceannairí ag gach leibhéal ar aon rámh maidir lena dtuiscint agus a gcur i bhfeidhm (O'Reilly et al., 2010). San oideachas, ciallaíonn seo a chinntiú go mbeidh an teagasc, an ceannas agus na córais tacaíochta go léir ar aon rámh le go mbeidh ceannairí ábalta tús áite a thabhairt do thionscnaimh, an t-athrú a bhainistiú agus a chinntiú go mbeidh gach iarracht feabhsúcháin idir chomhtháite agus inbhuanaithe.

## AN FÁTH A BHFUIL TÁBHACHT LE STRAITÉIS

Mura mbíonn straitéis shoiléir, bunaithe ar fhianaise ann, bíonn an baol ann go mbeidh barraíocht ar siúl ag scoil nó an iomarca tionscnamh ar siúl inti. Fágann seo seachrán ina dhiaidh, diomailt acmhainní agus an feidhmiú breac, rud is féidir bheith ina bhac ar dhul chun cinn na ndaltaí. (Robinson 2011)

## CONAS STRAITÉIS ÉIFEACHTACH A THÓGÁIL

- **Sainmhínigh na hardtosaíochtaí:** Cad iad na 3-5 rud is tábhachtaí díreach anois?



© InnerDrive Ltd.

- **Gníomhaíochtaí a chur in ord:** Cad is túisce ba chóir a dhéanamh agus cad nach bhfuil chomh práinneach?
- **Fianaise a úsáid:** Bíodh bunús sonraí, taighde agus taithí saoil le do chinntí.
- **Bheith solúbtha:** Cáipéis bheo í an straitéis ba chóir a athbhreithniú agus a oiriúnú go rialta.

## SMAOINTE DEIREANACHA: AILÍNIÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

Na físeanna agus na straitéisí is fearr ní bheidh i ndán dóibh ach an teip mura mbíonn **ailíniú agus rannpháirtíocht** ann. Ciallaíonn ailíniú go mbeidh gach duine ar aon rámh agus ciallaíonn an rannpháirtíocht go mbeidh siad ag tabhairt faoi le fonn, le creideamh agus le tiomantas. Gan an straitéis níl san fhís ach aislingeacht; gan an t-ailíniú níl sa straitéis ach iarracht in aisce agus gan an rannpháirtíocht ní inbhuanaithe don rannpháirtíocht.

Léiríonn an taighde go n-éiríonn leis na tionscnaimh straitéiseacha nuair a bhíonn ceannairí ar aon rámh thar gach leibhéal ó thaobh cuspóra agus iompair de, agus gurb í an rannpháirtíocht a thiomáineann iarracht aonair, cruthaitheacht agus athléimneacht. Sna scoileanna, cinntíonn an t-ailíniú go mbeidh an teagasc, an ceannas agus na córais tacaíochta uile ag obair i dtreo cuspóirí comónta agus cinntíonn an rannpháirtíocht go dtuigfidh daoine go bhfuil siad le feiceáil agus le cloisteáil sa phróiseas agus go bhfuil luach leo.

Fágann an easpa ailínithe go mbeidh iarrachtaí imfhálaithe ann, teachtaireachtaí measctha agus cur i gcoinne an athraithe. Fágann an rannpháirtíocht íseal go mbeidh comhlíonadh leamh ann agus beidh cásanna ina dhiaidh nach ndéanfaidh an fhoireann ach an chuid is lú, cuirfear bac ar an nuálaíocht agus téann daoine in ísle brí. Is féidir ailíniú agus rannpháirtíocht a thógáil trí róil a shoiléiriú, an chumarsáid leanúnach a dhéanamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar an dul chun cinn.



© InnerDrive Ltd.

## TAGAIRTÍ


Collins, J., 2001. *Good to Great: Why Some Companies Make the Leap... and Others Don't*. New York: Harper Business.

Collins, L., Gurley, D.K. and Fifolt, M., 2014. Mission, vision, values, and goals: An exploration of key organizational statements and daily practice in schools. *Journal of Educational Change*, 15(2), pp.245–272.

Fullan, M., 2014. *The Principal: Three Keys to Maximizing Impact*. San Francisco: Jossey-Bass.

Kouzes, J.M. and Posner, B.Z., 2017. T*he Leadership Challenge.* 6th ed. Hoboken, NJ: Wiley.

Leithwood, K., Day, C., Sammons, P., Harris, A. and Hopkins, D., 2006. *Successful School Leadership: What It Is and How It Influences Pupil Learning*. Nottingham: DfES Publications.

O'Reilly, C.A., Caldwell, D.F., Chatman, J.A., Lapiz, M. and Self, W., 2010. How leadership matters: The effects of leaders' alignment on strategy implementation. *The Leadership Quarterly*, 21(1), pp.104–113.

Robinson, V.M.J., 2011. *Student-Centered Leadership*. San Francisco: Jossey-Bass.





© InnerDrive Ltd.


Department of Education
www.education-ni.gov.uk
InnerDrive

## ACMHAINNÍ BREISE

### Ailt

Collins, L., Gurley, D. K., & Fifolt, M. (2014). Mission, vision, values, and goals: An exploration of key organizational statements and daily practice in schools. *Journal of Educational Change*, 15(2), 245-272.

O'Reilly, C. A., Caldwell, D. F., Chatman, J. A., Lapiz, M., & Self, W. (2010). How leadership matters: The effects of leaders' alignment on strategy implementation. *The Leadership Quarterly,* 21(1), 104-113.

### Leabhair

Collins, J. (2001). *Good to great: Why some companies make the leap... and others don't.* Harper Business.

Fullan, M. (2014). *The principal: Three keys to maximizing impact*. Jossey-Bass.

Kouzes, J. M., & Posner, B. Z. (2017). *The leadership challenge* (6th ed.). John Wiley & Sons.



© InnerDrive Ltd.

InnerDrive

Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

FÍS AGUS STRAITÉIS: NÍ RACHAIMID I BHFAD GAN CEANN SCRÍBE GAN LÉARSCÁIL

© InnerDrive Ltd.